3 Bealtaine 2021

# Téarmaí agus coinníollacha comórtas QuizDuel #EuropeDay BCE

Tá an Banc Ceannais Eorpach (BCE), le tacaíocht ó MAG Interactive AB, ag eagrú comórtas quiz-bhunaithe chun Lá na hEorpa 2021 a cheiliúradh. Reáchtálfar an comórtas ó 10:00 CET an 3 Bealtaine 2021 go dtí 23:59 CET ar an 23 Bealtaine 2021.

Is féidir le gach duine atá ina chónaí san Aontas Eorpach (AE)[1] cur isteach ar an gcomórtas agus iad incháilithe le clárú ag úsáid aip QuizDuel.[2]

Ba cheart d'imreoirí an méid seo a leanas a dhéanamh chun an quiz a dhéanamh agus cur isteach ar an gcomórtas:

1) an aip mhóibíleach le haghaidh QuizDuel a íoslódáil agus cuntas a chruthú nó logáil isteach i do chuntas;
2) an quiz iomlán le haghaidh #EuropeDay atá le feiceáil ar leathanach tosaigh an iarratais a chur i gcrích;
3) ríomhphost a sheoladh chuig europeday@maginteractive.com le gabháil scáileáin den scáileán críochnaithe, ina mbeidh d'ainm úsáideora agus do thorthaí le haghaidh gach babhta den quiz le feiceáil agus a dheimhníonn gur fhreagair tú gach ceann de na 18 gceist i gceart.

Reáchtálfar crannchur tar éis an spriocdháta (23 Bealtaine 2021) ina roghnófar deichniúr (10) buaiteoirí ó na hiarrthóirí sin a d'fhreagair gach ceann de na 18 gceist ar an quiz i gceart agus a sheol gabháil scáileáin mar chruthúnas chuig europeday@maginteractive.com (mar a shonraítear i gcéim 3 thuas). Tarlóidh na céimeanna seo a leanas tar éis an phróisis roghnúcháin sin:

1) gheobhaidh na buaiteoirí ríomhphost ó MAG Interactive AB ina gcuirfear in iúl dóibh gur bhuaigh siad an comórtas agus ina-n-iarrfar an fhaisnéis seo a leanas orthu:
   - cruthúnas cónaithe san Aontas Eorpach;
   - glacadh téarmaí agus coinníollacha an chomórtais seo;
   - an seoladh a seolfar an duais chuige;

---

[1] Is iad seo a leanas tíortha an Aontais Eorpaigh: an Bheilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.

[2] Faoi Théarmaí Seirbhíse MAG Interactive AB, tá feidhm ag na ceanglais aoise íosta seo a leanas, atá éagsúil de réir na tíre tionscnaimh, maidir le daoine ar mhian leo cluiche na cuideachta a imirt nó a seirbhísí a úsáid: *16 bliana d'aois – an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an tSlóvaic, 15 bliana d'aois – an Fhionlainn; 14 bliana d'aois – an Ostair, 13 bliana d'aois – gach tír eile.*

2) nuair a gheobhaidh MAG Interactive AB an fhaisnéis sin a iarradh, roinnfidh sé seoltaí seachadta na mbuaiteoirí roghnaithe leis an mBanc Ceannais Eorpach ionas go mbeidh an Banc Ceannais Eorpach in ann na duaiseanna a sheachadadh, agus chun na críche sin amháin;

3) seolfaidh an Banc Ceannais Eorpach iPad Air (64 GB) chuig na seoltaí a shonraigh na buaiteoirí sa ríomhphost.

Ní féidir le fostaithe agus foireann an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus MAG Interactive AB – ná a ngarghaolta (céilí, páirtithe, tuismitheoirí, leanaí ná siblíní) – cur isteach ar an gcomórtas;

Tá feidhm ag Téarmaí Seirbhíse MAG Interactive AB freisin.

Dícháileofar an duine lena mbaineann maidir le haon chlárú a mheastar nach bhfuil i gcomhréir leis na téarmaí agus coinníollacha seo.

**Cosaint Sonraí**

**1. Creat dlíthiúil cosanta sonraí is infheidhme don Bhanc Ceannais Eorpach**

Déanfar na sonraí pearsanta a chuireann na rannpháirtithe ar fáil a phróiseáil i gcomhréir le Dlí AE maidir le Cosaint Sonraí.[3]

**2. Cén fhaisnéis phearsanta a phróiseálfaimid?**

Próiseálfaidh an Banc Ceannais Eorpach na sonraí a chuireann na buaiteoirí ar fáil nuair a chruthaíonn siad a gcuntas QuizDuel, i.e. ainm úsáideora, chomh maith le haon fhaisnéis eile is gá chun an duais roghnaithe a sheachadadh (i.e. céad ainm, sloinne, seoladh ríomhphoist agus seoladh seachadta).

**3. Cé atá freagrach as do shonraí pearsanta a phróiseáil?**

Is é an Banc Ceannais Eorpach an rialaitheoir sonraí agus tá Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide sa Bhanc Ceannais Eorpach freagrach as do shonraí pearsanta a phróiseáil.

Tá an comórtas seo á óstáil ag an soláthróir seachtrach MAG Interactive AB de chuid na Sualainne, agus déanfaidh sé na sonraí a bhailítear tríd an aip mhóibíleach le haghaidh QuizDuel a phróiseáil.

**4. Cén fáth a bhfuilimid ag próiseáil do shonraí pearsanta agus cad é an bunús dlí atá leis an bpróiseáil sin?**

Bailítear agus próiseáiltear na sonraí pearsanta uile bunaithe ar thoiliú na rannpháirtithe chun an comórtas a bhainistiú, cuir i gcás teagmháil a dhéanamh le rannpháirtithe agus an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil do na rannpháirtithe, na duaiseanna a bhronnadh agus ainmneacha úsáideora na mbuaiteoirí a fhoilsiú ar shuíomhanna gréasáin an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus/nó MAG Interactive AB, agus ar a gcainéil ar na meáin shóisialta (Facebook, Instagram, Twitter agus LinkedIn).

Trí na sonraí pearsana arna iarradh a chur ar fáil, toilíonn rannpháirtithe don phróiseáil a luadh. Is féidir le rannpháirtithe a dtoiliú a aistarraingt am ar bith ach teagmháil a dhéanamh le hArd-Stiúrthóireacht na Cumarsáide ag youth@ecb.europa.eu Cuirfear stop le próiseáil a bhfaisnéise pearsanta sa todhchaí ar aistarraingt a dtoiliú, ach beidh an phróiseáil roimhe sin fós dlíthiúil.

**5. Cé a gheobhaidh do shonraí pearsanta?**

---

[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Nochtfar na sonraí pearsanta a chuireann rannpháirtithe ar fáil chun bheith rannpháirteach sa chomórtas d'fhostaithe Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide sa Bhanc Ceannais, a dhéanfaidh bainistíocht ar an gcomórtas.

Beidh rochtain ag an bpobal i gcoitinne ar ainmneacha úsáideora agus buaiteoirí a fhoilseofar ar shuíomhanna gréasáin agus cainéil meán sóisialta an Bhanc Ceannais Eorpaigh agus/nó MAG Interactive AB.

**6. Cé chomh fada a choinneoimid do shonraí?**

Stórálfaidh an Banc Ceannais Eorpach do shonraí pearsanta ar feadh trí (3) mhí, ag tosú ón dáta a chuirtear na sonraí pearsanta isteach. Scriosfar na sonraí nuair a rachaidh an tréimhse trí mhí in éag.

Coinneofar sonraí pearsanta a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin nó ar chainéal meán sóisialta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (Instagram, Twitter nó LinkedIn) a fhad agus a chuireann na suíomhanna gréasáin/meáin shóisialta an méid sin in iúl ina ráiteas príobháideachais.

**7. Do chearta**

Tá an ceart agat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta nó iad a leasú (le roinnt srianta) nó a iarraidh iad a scriosadh nó srian a chur lena bpróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725. Is féidir leat do chearta a fheidhmiú ach ríomhphost a sheoladh chuig Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide an Bhainc Ceannais Eorpaigh ag youth@ecb.europa.eu.

Maidir le gach ceist a bhaineann le sonraí pearsanta, déan teagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí an Bhainc Ceannais Eorpaigh ag **dpo@ecb.europa.eu**.

Tá ceart cúláraigh agat do **Mhaoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí (MECS)** am ar bith maidir le próiseáil do shonraí pearsanta.

**Cealú agus an dlí is infheidhme**

Forchoimeádann an Banc Ceannais Eorpach agus MAG Interactive AB an ceart le cuid amháin nó gach cuid den chomórtas a chealú am ar bith.

Beidh an comórtas faoi rialú dhlí na Gearmáine. Déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach gach cás nach ndéantar foráil shonrach ina leith faoi na téarmaí agus coinníollacha seo a chinneadh agus measfar a chinntí a bheith críochnaitheach. Ní mór aon éileamh a chur isteach laistigh de dhá mhí ó dháta deiridh an chomórtais.

Is aistriúchán cúirtéise é seo. Níl luach dlíthiúil ach amháin ag an leagan Béarla de Théarmaí agus Coinníollacha an chomórtais seo.